Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021
(OR. en)

14653/21

FISC 228
ECOFIN 1203

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle<br>= Formheas |

1. Rinneadh scrúdú ar Dhréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (COCG) le linn Uachtaránacht na Slóivéine laistigh de COGG agus ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chuid na Meithle (Ardleibhéil) um Cheisteanna Cánach an 25 Samhain 2021.

2. Comhaontaíodh an téacs idir lúibíní i mír 7 i bprionsabal, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir le sainordú an Chóid a thabhairt cothrom le dáta. Mhol toscaireacht amháin in Coreper an 1 Nollaig tuilleadh feabhais a chur ar an bhfoclaíocht atá sa mhír sin a bhaineann le trédhearcacht. Ní fhanfaidh mír 7 sa téacs ach amháin má tá comhaontú ann maidir leis an gCód Iompair athbhreithnithe.

3. Tá glacadh ag na toscaireachtaí uile leis an gcuid eile de théacs na gconclúidí ón gComhairle. Léirítear le foclaíocht mhír 1 an comhaontú ar thángthas air in Coreper tuarascáil COCG a fhormheas faoi mhíreanna A.

4. Iarrtar ar an gComhairle (ECOFIN) an 7 Nollaig 2021 téacs na gconclúidí a fhormheas i bhfianaise an phlé ar an gCód Iompair athbhreithnithe.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Slóivéine**

Maidir leis na gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Slóivéine, go háirithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus an athchóiriú ar an gCód Iompair; **IS DÍOL SÁSAIMH DI** tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 14230/21 + COR 1 + ADD 1-9 í;

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh; TACAÍONN SÍ leis an obair ullmhúcháin arna déanamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann dlínsí ábhartha critéar 3.2 maidir le tuairisciú de réir tíre i bhfianaise an nuashonraithe ar liosta an Aontais sa chéad ráithe de 2022; IARRANN SÍ ar an Meitheal gealltanais a iarraidh ar na dlínsí i gcás inarb iomchuí, agus de réir amlíne arna comhaontú ag an Meitheal;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda; IARRANN SÍ ar an Meitheal machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhfeadfaí feabhas a chur ar na critéir reatha agus ar na próisis maidir le dlínsí tríú tíortha, i gcás inarb iomchuí;

4. FORMHUINÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal, maidir le measúnú ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus na fógraí maidir le rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach ar éifeachtaí iarbhír na mbeart aonair;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach atá á dhéanamh ag an Meitheal ar chur chun feidhme na nótaí treorach a d’eisigh sí roimhe seo agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoirlínte 2017 maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta;

6. IS MÓR AICI an tuarascáil maidir le cur chun feidhme na mbeart cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha ag na Ballstáit; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre sa réimse seo, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le haon dul chun cinn breise a dhéantar sna hábhair sin;

7. [IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athchóiriú ar an gCód Iompair; i ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil obair na Meithle bunaithe ar a sainordú mar a léirítear sa Chód Iompair é; MEABHRAÍTEAR DI gur gealltanas polaitiúil é an Cód Iompair agus nach ndéanann sé difear do chearta ná d’oibleagáidí na mBallstát ná do réimsí inniúlachta faoi seach na mBallstát agus an Aontais a eascraíonn as na Conarthaí agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre maidir leis an treoir a comhaontaíodh a fhorbairt, nó, i gcás inarb iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh uirthi chun soiléireacht a fheabhsú agus a torthaí a chur faoi bhráid na Comhairle; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear freisin sa Chód Iompair athbhreithnithe forálacha lena bhfeabhsaítear trédhearcacht na Meithle agus IARRANN SÍ ar an Meitheal céimeanna breise a fhiosrú agus treoir a mholadh sa treo seo faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022;]

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé a rinneadh ar an idirghníomhaíocht idir liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus liostaí náisiúnta na mBallstát, chomh maith le hobair an Fhóraim Dhomhanda, lena n-áirítear rátálacha nua agus cinntí nua ag an bhFóram Domhanda; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair seo trí iniúchadh a thuilleadh conas feabhas a chur ar phróiseas liostaithe an Aontais bunaithe ar dhul chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Fraince.